



↳ PLEAN EALAÍON FHINE GALL 2013–2017 ↔

↳ PLEAN EALAÍON FHINE GALL 2013–2017 ↩

Cuireann ár gcontae – ár bhFine Gall – flúirse saibhris ar fáil ón talamh go dtí an cósta. Go stairiúil, le tailte feirme na hAille go calafoirt iomadúla Bhinn Éadair agus na Sceirí, coinníodh agus múnlaíodh ár gcaidreamh lenár gcontae agus lenár dtimpeallachtaí. Ó radharc anuas an fhiaigh dhuibh go for-radharc anuas na bhfaoileán agus na n-éan mara, cuirtear i gcuimhne dúinn gur áit í – ár bhFine Gall – ina bhfuil flúirse talaimh agus farraige. Foinse inspioráide dúinn go léir.

Fine Gall – Flúirse Talaimh is Mara.

Údair

Rory O'Byrne agus Sarah O'Neill

Stiúrthóir Seirbhísí, an Rannóg Tithíochta agus Pobail

AnnMarie Farrelly

Oifigeach Ealaíon an Chontae

Rory O'Byrne

Leas-Oifigeach Ealaíon an Chontae

Sarah O'Neill

Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí

Caroline Cowley

Oifigeach Óige agus Oideachais

Julie Clarke

Aistriúchán

Dublin City University Language Services

Maisiú

Denise Nestor

Dearadh agus Táirgeadh

an Atelier Project, www.atelier.ie

Cló agus Liteagrafaíocht

MM Fine Art Book Printing & Repro

Cóipeagarthóir

Lucy Deegan Leirião

Ceangal

Patist, Netherlands

Eagrán

250 cóip

Arna Fhoilsiú agus arna Dháileadh ag:

An Oifig Ealaíon

Comhairle Contae Fhine Ghall

Halla An Chontae

Sord, Fine Gall

Co. Bhaile Átha Cliath

Tel +353 1 890 6237

Fax +353 1 890 5109

www.fingalarts.ie

© 2013 Oifig Ealaíon Chomhairle
Contae Fhine Gall

© 2013 Na hÚdair agus an Maisitheoir

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur in aon fhoirm nó ar aon mhodh leictreonach nó meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

ISBN 978 095 717 2159



**↳ PLEAN EALAÍÓN FHINE GALL
2013–2017 ↶**



RÁITEAS ÓN MÉARA AGUS Ó BHAINISTEOIR AN CHONTAE


AN COMHAIRLEOIR KIERAN DENNISON
DAVID O'CONNOR, BAINISTEOIR AN CHONTAE

IS É SEO, PLEAN EALAÍON FHINE GALL 2013–17, AN DARA CREATDOICIMÉAD le haghaidh forbairt ealaíon arna chruthú ag Comhairle Contae Fhine Gall. Sa chéad phlean, Plean Ealaíon 2006–10, sainithníodh láidreachtaí na gníomhaíochta cultúrtha reatha laistigh den chontae agus cuireadh i gcomhthéacs leathan Bhaile Átha Cliath agus náisiúnta í. Déantar forbairt sa doiciméad seo ar an bplean sin. Déantar breithniú ar na mórathruithe eacnamaíocha a tháinig aníos san am sin, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon. ↴

Próiseas comhairliúcháin phoiblí a cuireadh ar siúl ar feadh tréimhse naoi seachtaine ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2012, thug sé eolas d'fhorbairt Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013–17. Taispeánann an comhdhearcadh foriomlán ón gcomhairliúchán sin go bhfuil leibhéal ard sástachta leis na cláir ealaíon atá ann cheana agus le rochtain ar na healaíona. Mar sin féin, téama athfhillteach a tháinig aníos ba ea an bhuairt fhorleathan i leith inbhuanaitheacht na gclár reatha i dtimpeallacht ina bhfuil ciorruithe airgeadais agus neamhchinnteacht eacnamaíoch. Is laistigh den chomhthéacs seo a leagfar amach i bPlean Ealaíon 2013–17 cur chuige réalaíoch chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí maidir le seirbhís ealaíon ar fud an chontae a sholáthar. Bainfear an méid seo amach trí spriocanna insroichte a shocrú le haghaidh forbartha amach anseo a ligeann do na healaíona bheith inrochtana agus ábhartha do chách. ↴

De réir mar a fhorbraímid ár ról chun freastal ar ár bpobal reatha atá ag fás go tapa agus ar ár bpobail nua, aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall tábhacht na n-ealaíon maidir leis an bhféiniúlacht chultúrtha a fhorbairt agus le saol na ndaoine a shaibhriú. Aithnímid an gá le cur chuige comhtháite um fhorbairt na n-ealaíon sa todhchaí. Agus muid ag déanamh amhlaidh, aithnímid gur saibhir, ilghnéitheach agus ag éabhlóidiú i gcónaí atá an saol cultúrtha i bhFhine Gall. Is é beogacht agus ilghnéitheacht ár gcultúir a neartaíonn é agus a thacaíonn lenár dtraidisiúin a cheiliúradh agus a fhorbairt trí na healaíona. ↵

6\7



IS CEANGLAS FAOI ALT 6 DEN ACHT EALAÍON, 2003, PLEAN EALAÍON DON chontae a chur ar fáil. Tá sé ina fhreagairt straitéiseach d'aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le forbairt ealaíon i bhFine Gall. Tugann sé an deis do dhaoine bheith páirteach sna healaíona agus a spéis sna healaíona a láidriú agus a athnuachan agus timpeallacht a chruthú ina bhfuil daoine toilteanach dúshlán a ghabháil orthu agus a saol a shaibhriú trí rannpháirtíocht sna healaíona. ↴

Is é ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht chultúrtha i bhFine Gall agus í a chothú. Faoi mar a rinne mo chomhghleacaí, Sarah O'Neill, do Phlean Ealaíon Fhine Gall 2006–10, chinneamar Plean Ealaíon Fhine Gall 2013–17 a chur le chéile go himmheánach trí úsáid a bhaint as ár saineolas agus ár dtaithe inmheánach chomhchoiteann, in ionad sainchomhairleoirí seachtracha ealaíon a choimisiúnú lena chur le chéile. ↴

Ní thagann an plean seo isteach in ionad phlean 2006–10. Ina ionad sin, déanann an straitéis seo um na healaíona méadú, comhlánú, treisiú agus forbairt ar rath an phlean sin, agus déanann sí forbairt ar rathanna agus phróifil na forbartha ealaíon i bhFine Gall trí leas a bhaint as forbairt beartais, cláir nuálacha, dea-chleachtas, agus smaointeoireacht chriticiúil agus meastóireacht. Lárnach sa phlean atá na torthaí ar thréimhse chuimsitheach chomhairliúcháin phoiblí le muintir Fhine Gall, a gcomhlánaíonn athbhreithniú ar gach foilseachán agus doiciméad beartais lena mbaineann iad. ↴

D'fhonn eolas a thabhairt d'fhorbairt Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013–17, cuireadh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar siúl ar feadh tréimhse naoi seachtaine ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2012. Mar chuid den phróiseas seo, rinneadh sé shuirbhé a dhearadh agus a dhéanamh chun ionchur a bhailiú ó raon grúpaí agus daoine aonair a ghlacann páirt sna healaíona i bhFine Gall. Saincheapadh na suirbhéanna faoi na ceannteidil seo a leanas: An Pobal i gCoitinne, Ealaíontóirí Gairmiúla, An Óige, Scoileanna, Grúpaí Ealaíon agus Ealaín Phoiblí. ↴

Freagairt dhíreach do riachtanais an phobail ealaíon i bhFine Gall is ea cur i gcrích agus glacadh an phlean seo, arb é an dara plean ealaíon uainn é. Is léir ón bhfreagra ollmhór a fuairamar go bhfuil na healaíona ina gcuid thábhachtach i saol na ndaoine fós. Tá fianaise ann gur mian le freagróirí bheith páirteach iontu, bíodh sé mar bhall den lucht féachana, mar rannpháirtí sna healaíona, mar ealaíontóir gairmiúil nó mar bhall de ghrúpa ealaíon. ↴

Is croíphrionsabal é go n-oibreimid, Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall, chun a chinntiú go gcoinneofar an soláthar seirbhís ealaíon inbhuanaithe mar thosaíocht ar an gclár oibre. Déanfaimid ár ndícheall freisin a chinntiú gurb ionann an deis a thabharfar do gach saoránach, beag beann ar láthair, ar aicme shóisialta nó ar thosca eacnamaíocha, rochtain ar na healaíona agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha Fhine Gall agus páirt a ghlacadh iontu. ➔



TEACHT CHUN CINN

BUNÚS AN PHLEAN EALAÍON

Is ceanglas faoi Alt 6 den Acht Ealaíon, 2003, plean ealaíon don chontae a chur ar fáil. ↗

Sonraítear san alt:

- Faoi Alt 67 d'Acht 2001, ullmhóidh agus comhlíonfaidh údarás áitiúil pleananna forbartha ealaíne laistigh dá limistéar feidhmiúil féin agus, dá réir sin, beidh sé freagrach as polasaithe an Rialtais i leith na n-ealaíon a chur i bhfeidhm. ↗

Freagairt straitéiseach d'aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le forbairt ealaíon i bhFine Gall is ea ullmhú an phlean ealaíon. Tugann sé an deis do dhaoine bheith páirteach sna healaíona agus a spéis sna healaíona a láidriú agus, go deimhin, í a athnuachan agus timpeallacht a chruthú ina bhfuil daoine toilteanach dúshlán a ghabháil orthu agus a saol a shaibhriú trí rannpháirtíocht sna healaíona. ↗

Déanann Údarás Áitiúla cinntí gach lá a théann i bhfeidhm ar chaighdeán maireachtála daoine. Tá pleanáil chultúrtha ina cuid dhílis den phróisis seo. Tá tionchar díreach ag cultúr ar phobail, bíodh sé trí chabhair dhíreach ó dheontas do ghrúpa drámaíochta áitiúil, trí scéimeanna d'ealaíontóirí cónaitheacha i scoileanna áitiúla, trí chur ar fáil a dhéanamh ar shaothair ealaíne poiblí nó trí áiseanna cultúrtha sainiúla, ar nós ionaid ealaíon, a chruthú. Le deich mbliana anuas in Éirinn, tá tábhacht níos mó tagtha ar ról an chultúir agus na n-ealaíon i bpleanáil rialtais áitiúil. Is slí éifeachtach iad na healaíona cabhrú le rialtas áitiúil spriocanna sóisialta agus eacnamaíoch a shroicheadh. Sa réimse seo tá tionscnaimh forbartha pobail i gcomhthéacs cathrach agus tuaithe, athnuachan eacnamaíoch, pleanáil uirbeach, grúpaí imeallaithe sa tsochaí a chuimsiú agus timpeallacht fhísiciúil ardchaighdeán a chruthú. ↗

Is croíphrionsabal é go gcinnteoidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall go gcoinneofar an soláthar seirbhís ealaíon inbhuanaithe mar thosaíocht ar an glár oibre, agus déanfaidh sí a dícheall a chinntiú gurb ionann an deis a thabharfar do gach saoránach, beag beann ar láthair, ar aicme shóisialta nó ar thosca eacnamaíoch, rochtain ar na healaíona agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha Fhine Gall agus páirt a ghlacadh iontu. ↗

10\11



COMHTHÉACS

RÁITEAS MISIN CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GHALL

Is é ár ráiteas misin ná caighdeán maireachtála na ndaoine a bhfreastalaímid orthu a fheabhsú. Bíodh is go bhfuil sé simplí, tá sé dúshlánach mar ráiteas toisc gur gá freastal ar bhonn daonra atá ag dul i méid go tapa sa cheantar údaráis áitiúil is mó fás sa chontae. ↴

Croíthréithe Chomhairle Contae Fhine Gall:

- Cuimsitheach
- Forásach
- Éifeachtúil ↴

De réir mar a fhorbraímid ár ról chun freastal ar ár bpobal reatha atá ag fás go tapa agus ar ár bpobail nua, aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall tábhacht na n-ealaíon maidir leis an bhféiniúlacht chultúrtha a fhorbairt agus le saol na ndaoine a shuibhriú. Cuireann na healaíona leis an ngeilleagar áitiúil, le comhtháthú sóisialta laistigh de phobail, le dul i ngleic le braistintí scoiteachta agus le daoine a chumhachtú a d'fhéadfadh a bheith éagumhachtach nó ar imeall an phríomhsrutha. Aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall an gá le cur chuige comhtháite um fhorbairt na n-ealaíon sa toadhchá. Agus í ag déanamh amhlaidh, aithníonn sí gur saibhir ilghnéitheach atá an saol cultúrtha i bhFine Gall. Is é beogacht agus ilghnéitheacht ár gcultúir a neartaíonn é agus a thacaíonn lenár dtraidisiúin a cheiliúradh agus a fhorbairt trí na healaíona. ↴

I mí Mheán Fómhair 2006, d'fhoilsigh Comhairle Contae Fhine Gall an chéad phlean forbartha ealaíon uaithi. Tháinig an plan as comhairliúchán domhain ar feadh bliana le raon leathan grúpaí cultúrtha, daoine aonair agus eagraíochtaí ealaíon, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon. ↴

Agus an plan á chur le chéile againn, bhí sé mar aidhm againn láidreachtaí na gníomhaíochta cultúrtha reatha laistigh den chontae a shainaithint agus í a chur i gcomhthéacs leathan Bhaile Átha Cliath agus náisiúnta. Rinneamar 55 moladh faoi raon leathan saincheistanna cultúrtha, agus shocraíomar tréimhsí ama le haghaidh na spriocanna sin a bhaint amach. Formhór na moltaí a leagadh amach, baineadh amach iad laistigh dá n-amscálaí. Bhain na moltaí nár cuireadh i gcrích le tionscadail chaipitil, amhail an soláthar spás stiúideo d'ealaíontóirí gairmiúla. ↴

PLEAN EALAÍON FHINE GALL 2013–17

Is é Plean Ealaíon Fhine Gall 2013–17 an dara creatdoiciméad le haghaidh forbairt ealaíon arna chruthú ag Comhairle Contae Fhine Gall. Ní thagann an plan seo isteach in ionad phlean 2006–10. Ina ionad sin, déanann sé méadú, comhlánú, treisiú agus forbairt ar rath an phlean sin. Freagraíonn sé freisin do na mórathruithe eacnamaíocha

a tháinig aníos san am sin, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Lárnach sa phlean atá na torthaí ar thréimhse chuimsitheach chomhairliúcháin phoiblí le muintir Fhine Gall, a cuireadh ar siúl le linn 2012, a gcomhlánaíonn athbhreithniú ar gach foilseachán agus doiciméad beartais lena mbaineann iad. ↴

D’fhonn eolas a thabhairt d’fhorbairt Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013–17, cuireadh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar siúl ar feadh tréimhse naoi seachtaine ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2012. Mar chuid den phróiseas seo, rinneadh sé shuirbhé a dhearadh agus a dhéanamh chun ionchur a bhailiú ó raon grúpaí agus daoine aonair a ghlacann páirt sna healaíona i bhFine Gall. ↴

Saincheapadh na suirbhéanna faoi na ceanteidil seo a leanas:

- An Pobal i gCoitinne
- Ealaíontóirí Gairmiúla
- An Óige
- Scoileanna
- Grúpaí Ealaíon
- Ealaín Phoiblí ↴

Breathnaíodh sna suirbhéanna ar phróifíle na bhfreagróirí, ar a leibhéal reatha rannpháirtíochta sna healaíona, ar bhacainní rannpháirtíochta, agus ar riachtanais agus thosaíochtaí amach anseo. Mar chuid den phróiseas, bailíodh sonraí na bhfreagróirí freisin d’fhonn cumarsáid leis an Oifig Ealaíon sa todhchaí a éascú. Cabhróidh sé seo leis an Oifig Ealaíon feasacht a spreagadh agus imeachtaí a chur chun cinn ar bhealach spriocdhírthe, chomh maith le hanailís riachtanas leanúnach a éascú i measc grúpaí páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne. ↴

Agus cur chuige straitéiseach á leagan amach sa phlean seo, b’éigean a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe do thosca ag athrú. ↴

Déanann an straitéis seo um na healaíona comhdhlúthú ar an obair a rinneadh sa phlean roimhe agus déanann sí forbairt ar rathanna agus próifíle na forbartha ealaíon i bhFine Gall trí leas a bhaint as forbairt beartais, cláir nuálacha, dea-chleachtas, agus smaointeoireacht chriticiúil agus meastóireacht. ↴

Cheap an Oifig Ealaíon sraith polasaithe agus clár i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla agus grúpaí pobail éagsúla, rud a thugann deiseanna do shaoránaigh Fhine Gall ar mhaithe le rochtain ar raon gníomhaíochtaí cultúrtha agus le rannpháirtíocht iontu. ↴

Áirítear orthu sin:

- an clár Óige agus Oideachais, ina gcuireann ealaíontóirí gairmiúla a gcuid scileanna i bhfeidhm i dtimpeallacht na scoile/an phobail agus ina gcuirtear fóram ar fáil le haghaidh léiriú cruthaitheach; agus
- scéim chistiúcháin, trína bhféadann eagraíochtaí ealaíon, grúpaí agus daoine aonair iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais faoi Alt 6 d'Acht 2003, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
- scéim sparánachta d'earnáil na n-ealaíon gairmiúil, a thugann deiseanna d'ealaíontóirí ó dhisciplíní éagsúla a gcleachtas a fhorbairt;
- seirbhís faisnéise ealaíon trí fíngalarts.ie (sa suíomh Gréasáin ealaíon ilmheán tá amharciómhána, físeáin, deiseanna, imeachtaí agus faisnéis mhionsonraithe, a chuimsíonn pobal ealaíon Fhine Gall ar fad);
- ealaín phoiblí a choimisiúnú faoin scéim Céatadán ar son na hEalaíne;
- dhá ionad ealaíon a chur ar fáil chun an saol cultúrtha i bhFíne Gall a bhreisiú agus rochtain an phobail ar na healaíona a chur ar fáil; agus
- clár imeachtaí a sholáthraíonn rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu sa cheantar áitiúil. ↴

PRÓIFÍL AN CHONTAE

Bunaíodh Fhine Gall, mar a thugaimid anois air, mar thoradh ar an Acht Rialtais Áitiúil, 1993, lenar díscáileadh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus lenar cruthaíodh trí údarás áitiúla nua. Leathnaíonn ceantar Fhine Gall 450 ciliméadar cearnach agus síneann sé ón Life agus ó theorainn Chathair Bhaile Átha Cliath sa deisceart go teorainn na Mí ó thuaidh ó Bhaile Brigín, agus ón gcósta san oirthear go teorainneacha na Mí agus Chill Dara san iarthar. Is ceantar é Fhine Gall, ar a dtugtar 'Contae Thuaidh Bhaile Átha Cliath' uaireanta, a bhfuil stair shaibhir agus traidisiún saibhir ag baint leis agus is féidir rian de a fheiceáil chomh fada siar le 4,000 bliain. ↴

DÉIMEAGRAFACH

B'ionann daonra Fhine Gall agus 273,997 amhail Daonáireamh 2011. Ardú 14% ar an daonra sna cúig bliana roimhe a bhí san fhigiúr seo. Bhí méadú tapa ar leith ar na haoisghrúpaí 0–4 bliain agus 25–34 bliain sa daonra le linn na mblianta seo, rud a léiríonn an t-eolas atá againn ar líon na dtithe a ceannaíodh le déanaí agus ar bhorradh i líon na mbreitheanna, d'ainneoin an chúlaithe. Tháinig méadú 33% ar líon na ndaoine atá 25–34 bliain d'aois sna cúig bliana, agus tháinig méadú beagnach 35% ar líon na ndaoine atá 0–4 bliain d'aois. Tá an phróifíl aoise is lú i measc gach údaráis áitiúil in Éirinn ag Fhine Gall. Is ionann an aois mheánach agus 32.9 bliain, agus is é 36.1 bliain an aois mheánach náisiúnta. Sainaithníodh roinnt déimeagrafaic thosaíochta mar gheall ar an bpróiseas comhairliúcháin. Leagadh béim ar leanaí agus ar dhaoine óga mar réimsí tosaíochta. ↴

PRÓIFÍL CHULTÚRTHA

Ó bunaíodh Comhairle Contae Fhine Gall tá an-chuid athruithe dearfacha feicthe sa chontae maidir lena phróifíl chultúrtha agus lena sholáthar seirbhísí ealaíon. Ón

taobh traidisiúnta de, tá gluaiseacht láidir um cheol agus drámaíocht amaitéarach ag an gcontae. Bhain na grúpaí seo leas as cistiú faoin Acht Ealaíon ón mbliain 1994 i leith. Chomh maith le cúnamh airgeadais, tairgeann an Chomhairle sparánachtaí agus tacaíocht ghaolmhar d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí, bíodh siad gairmiúil nó amaitéarach. Bainimid úsáid as an airgead faoin scéim Céatadán ar son na hEalaíne agus oibrímid dhá ionad ealaíon. Ina theannta sin, cuirimid clár fairsing óige agus oideachais ar fáil. ↪

BONNEAGAR

Is é ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht chultúrtha i bhFine Gall agus í a chothú trí chur chuige polasáibhunanithe a úsáid. ↗

Is iad seo a leanas bunluachanna Chomhairle Contae Fhine Gall:

- luach na n-ealaíon a chur chun cinn mar chomhpháirt éigeantach i bpobail chothromaithe
- chuimsitheacha ag a bhfuil braistint a bhféiniúlachta féin a fhorbairt;
- cuimsitheacht agus rochtain leathan a chur ar fáil do gach saoránach ar mian leis/léi bheith páirteach sna healaíona;
- seirbhís ealaíon a fhorbairt agus a sholáthar ar bhealach atá cothrom, oscailte agus follasach;
- polasaithe inbhuanaithe a fhorbairt i gcomhairle leis na rannóga éagsúla i gComhairle Contae Fhine Gall, le heagraíochtaí ábhartha agus le grúpaí pobail;
- polasaithe agus treochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ealaíon a chur san áireamh; agus
- rochtain ar na healaíona a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. ↗

IONAID EALAÍON

Leanann Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag feabhsú shaol cultúrtha Fhine Gall agus ag cur rochtain ar na healaíona ar fáil don phobal trí thacú lena dhá ionad ealaíon agus iad a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Ionad ilfheidhmeach i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, is ea Draíocht, a thairgeann amharclannaíocht, damhsa, taispeántais amharcealaíon comhaimseartha, agus cláir oideachais phobail agus cláir for-rochtana. Is cuid ríthábhachtach anois é Draíocht den saol cultúrtha éagsúil agus fairsing ag Baile Átha Cliath 15. Is ionad ealaíon é Ionad Cultúir Séamus Ennis, atá lonnaithe san Aill, a cheiliúránn saol agus leagáid Séamus Ennis, ar cheoltóir traidisiúnta mór le rá é, tríd an dóigh a ndíríonn sé ar na healaíona traidisiúnta. ↗

Cheiliúir an dá ionad ealaíon de chuid na Comhairle a gcomóradh deich mbliana sa bhliain 2012. Ar fud na deich mbliana sin, bhunaigh siad iad féin mar chuid lárnach de cháilíocht beatha na ndaoine agus na bpobal a fhaigheann rochtain orthu. Ón mbliain 2006 i leith, b'ionann an infheistíocht airgeadais iomlán a tugadh do Draíocht agus €3.9 milliún, agus tugadh €1.1 milliún breise d'Ionad Cultúir Séamus Ennis. ↗

Oibríonn Draíocht i dtimpeallacht inar ghá uailmhian ealaíonta a mheaitseáil le réaltachtaí airgeadais. Freastalaíonn breis agus 50,000 duine air gach bliain chun amharc ar léiriúcháin, chun páirt a ghlacadh i gceardlanna agus chun cuairt a thabhairt ar na gailearaithe. Is ard atá na hionchais faoinár féidir le Draíocht a bhaint amach agus a sholáthar, agus iad bunaithe ar theagmháil réamhghníomhach le gach páirtí leasmhar le 12 bhliain anuas. ↗

Is ionad ceoil thraidisiúnta é Ionad Cultúir Séamus Ennis a bhfuil sé mar aidhm aige traidisiúin tuaithe agus na healaíona traidisiúnta a fhorbairt agus a chothú in aghaidh timpeallachta atá ag athrú go sciobtha i gceantar tuaithe Fhine Gall. I 2012, d'fhreastail breis agus 10,500 duine ar imeachtaí san ionad. I 2006, rinne an Chomhairle iarratas faoi ACCESS II (Scéim Tacaíochta um Breisiú Caipitil Ealaíon agus Chultúir II), agus i mí Aibreáin 2008, tugadh deontas €740,000 do bhreisiú caipitil an ionaid. I 2011, coimisiúnaíodh tuarascáil le haghaidh Ionad Cultúir Séamus Ennis. Ba é cuspóir an staidéir ná fíis a leagan amach agus measúnú a dhéanamh ar chur chuige féideartha um fhorbairt an ionaid sa toadhlaistigh de na cúinsí reatha airgeadais. Ar na dúshláin os comhair an ionaid tá na tascanna a bhaineann le bonneagar fisiceach seanfhoirgnimh a chothabháil agus le deiseanna a aimsiú ar mhaithe le scóip an ionaid a leathnú trí spriocphobail agus trí mhaoinitheoirí nua a mhealladh. ↴

Sa tréimhse 2013–17, díreofar ar an méid seo a leanas:

- coinneáil a dhéanamh ar leibhéal agus caighdeán na gclár lena bhfuil ár spriocphobail ag súil;
- teagmháil a dhéanamh leis an bpobal ar bhealaí lena bhfuil brí;
- cláir a ghlacadh nó a thionscnamh mar fhreagairt d'éileamh;
- tacú le healaíontóirí i bhforbairt a gcuid oibre trí theagmháil a dhéanamh le líonraí ionad;
- bheith chun tosaigh i réimse na n-ealaíon leanaí/óige agus díriú ar thuiscint don cheol i réimse na n-ealaíon traidisiúnta, agus oibriú go réamhghníomhach chun na hearnálacha seo a fhorbairt;
- cothabháil agus, nuair is féidir, forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar fisiceach le go bhfanann na foirgnimh ina n-áiteanna ar mhaith le healaíontóirí taibhiú iontu agus ar mhaith leis an bpobal cuairt a thabhairt orthu; agus
- na bloic thógála a chruthú i ngach gné dár n-eagraíocht chun cur ar ár gcumas leas a bhaint as na tréimhsí cobhsúcháin agus fáis a bheidh ann faoi dheireadh. ↴

EALÁIN PHOIBLÍ

Tá an cumas ag an gclár ealaíne poiblí turasóireacht a ghiniúint, tuairimí nua faoinár dtimpeallacht a thairiscint agus teagmháil a dhéanamh lenár bpobail. Ó Phlean Ealaíon 2006–10 agus ó ceapadh comhordaitheoir ealaíne poiblí i 2005 i leith, mhéadaigh an Oifig Ealaíon líon a clár i réimse na healaíne poiblí. Ceann de na príomhthascanna ba ea airgead a bhaineann le scéimeanna éagsúla um chaipiteal oibre faoin scéim Céatadán ar son na hEalaíne a shainaithint agus a tharraingt anuas. ↴

Rinneadh an chéad bhabhta cistithe a leithdháileadh agus a chur ar fáil i 2007. Ina dhiaidh sin, cuireadh painéal ealaíne poiblí i bhfeidhm ar a raibh sainchúram measartha oscailte: tabhairt faoi thionscadail ar fud na bhfoirmeacha ealaíne go léir agus iad leathnaithe go cothrom ar fud an chontae. Dhírigh na healaíontóirí a coimisiúnaíodh faoin scéim ar oidhreacht, thórdhreach agus stair shaibhir Fhine Gall. Ón mbliain 2007, réadaíodh naoi dtionscadal as leithdháileadh de thart ar €460,000. Ar fud an phróisis choimisiúnaithe, d'fhorbair an Oifig Ealaíon caidrimh le roinnt rannóg laistigh den Chomhairle. Mar thoradh ar chineál fhormhór na gcoimisiún sin, d'idirghníomhaigh an Oifig Ealaíon leis na hailtirí agus leis na rannóga páirceanna, comhshaoil, oidhreachta agus pleanála. An rud a tháinig chun solais ná gurbh ionann na buarthaí a bhí ar na

rannóga sin agus na buarthaí a bhí ar na healaíontóirí. Chuir an dá ghrúpa sin saineolas cothrom ar fáil sna réimsí sin. ↴

Táimid ábalta anois gabháil do chlár nua um choimisiúnú, agus muid níos eolaí ar gach ar féidir a bhaint amach tríd an scéim. Tá buiséad €350,000 faoin scéim Céatadán ar son na hEalaíne a thacóidh le sraitheanna nua coimisiúnúcháin agus a chuirfidh cistiú ar fáil chun tionscadail atá ann cheana a chur i gcrích. Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt agus ag coinneáil dea-chleachtas inár dteagmháil le healaíontóirí gairmiúla agus le pobail áitiúla maidir le saothair ealaíne poiblí a choimisiúnú. ↴

I 2000, i gcomhthráth le hoscailt a príomhoifige nua ag Halla Contae Fhine Gall, Sord, ghlac an Chomhairle polasaí um bailiúchán cathrach ealaíon a chur i dtoll a chéile ar mhaithe lena saoránaigh. Is ilchineálach atá bailiúchán Fhine Gall ó thaobh disciplín, meáin agus léirithe de. Tá thart ar 40 saothar sa bhailiúchán faoi láthair, arb ionann a luach measta agus €80–100,000. I 2008, d’fhoilsigh an Oifig Ealaíon *Not in Alphabetical Order: Fingal Public Art Collection, Volume One*. Tugtar san fhoilseachán seo roghbhliúire saothar ón mbailiúchán, i dteannta ráiteas ó na healaíontóirí a chruthaigh iad. Thar shaolré an phlean seo, déanfaimid dianiarracht Volume Two a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú. ↴

ÉALAÍONA GAIRMIÚLA

Meastar go bhfuil 145 ealaíontóir gairmiúil ina gcónaí agus ar obair i bhFhine Gall faoi láthair. D’fhonn tacú leis an earnáil ealaíon gairmiúil ag síormhéadú, tá sraith imeachtaí eagraithe ag Comhairle Contae Fhine Gall a chuireann ar chumas ealaíontóirí a saothar a chur ar taispeáint sa cheantar áitiúil. Tionscnamh den chineál sin is ea *Amharc Fhine Gall*, a dhéantar a óstáil in Draíocht gach bliain. Is éard atá sa taispeántas seo ná ardán a thacaíonn le céimithe nua coláistí ealaíon as Fhine Gall a gcuid próifíil a fhorbairt tríd an deis a thabhairt dóibh a saothar a chur ar taispeáint i gceann de na gailearaithe amharcealaíne is fearr sa chontae ar leibhéal gairmiúil. Chomh maith leis sin, tugann an t-imeacht bliantúil seo an deis don Oifig Ealaíon caidreamh a fhorbairt leis na healaíontóirí éiritheacha seo agus sainaitheant a dhéanamh ar dhóigheanna praiticiúla ábhartha chun tacú leo i luathchéimeanna a ngairme. D’fhonn *Amharc Fhine Gall* a chomhlánú, gné de chlár na hOifige Ealaíon is ea *What Next?*, ar lá bliantúil forbartha gairmiúla é. In *What Next?*, tugtar léargas ar leith ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le healaíontóirí ag obair sa timpeallacht reatha, agus cuirtear comhairle phraiticiúil agus léargais ar fáil maidir le maireachtáil agus le hoibriú mar ealaíontóir sa lá atá inniu ann. ↴

Ón mbliain 2001 i leith, tá deiseanna d’ealaíontóirí gairmiúla tairgthe ag Comhairle Contae Fhine Gall trína scéim sparánachta d’ealaíontóirí ag Ionad Tyrone Guthrie. Tugann sí an deis d’ealaíontóirí idirghníomhú le cleachtóirí eile. Athraítear na foirmeacha ealaíne roghnaithe ó bhliain go bliain, chun ilchineálacht na ndisciplíní ealaíon agus tacaíocht dóibh a chinntiú. Le blianta beaga anuas, chuireamar an Dámhachtain um Chónaitheacht Chló i Stiúideo Grafaice ar fáil. Tá an deis seo dírithe ar ealaíontóirí Fhine Gall agus tairgeann sí clár dian máistir-ranganna le Robert Russell, ar sárchlódóir é, ag Stiúideo Grafaice. ↴

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Chomhairle deiseanna fostaíochta íoctha d’ealaíontóirí trí na scéimeanna um ealaíontóir cónaitheach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, agus trí shaothair ealaíne poiblí a choimisiúnú. ↴

Ag teacht sna sála ar an moladh a tugadh inár bplean ealaíon roimhe sin do 2006–10, chun ‘soláthar a dhéanamh ar spás stiúideo gairmiúil i bhFine Gall’, rinneadh staidéar cuimsitheach a choimisiúnú, dar teideal *Report on the Provision, Design and Management of Artists’ Studios within Fingal*. Chonacthas na moltaí sa tuarascáil seo san aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a rinneadh do phlean 2013–17. Ba í sin an t-aon sprioc amuigh nár baineadh amach. Leanfaimid ar aghaidh ag féachaint le sainaitheant a dhéanamh ar shruthanna féideartha cistithe a éascóidh infheistíocht i soláthar stiúideo. Tá meascán de stiúideonna cónaitheacha agus lae á mholadh againn. Trínár bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, aimsíodh go bhfuil ealaíontóirí ag iarraidh deiseanna sna réimsí seo: forbairt ghairme, sparánachtaí, comhrá/plé agus doiciméadúchán. ↴

AN ÓIGE AGUS OIDEACHAIS

I 2009, cuireadh tús le taighde ar pholasaí óige agus oideachais lena mbaineann comhairliúchán forleathan, agus ghlac an Chomhairle an polasaí i mí na Bealtaine 2010. Is éard atá ann ná ár gcreatdoiciméid le haghaidh gach tionscnamh óige agus oideachais a dheardh agus a sholáthar. Déanann na tionscnaimh seo cur chun cinn ar dheachleachtas agus sainaitheant ar dhóigheanna nua ina ndéantar teagmháil leis an bpobal ar bhealach cuimsitheach. ↴

Féachann Comhairle Contae Fhine Gall, tríd an gclár Óige agus Oideachais, le cothroime rochtana ar ghníomhaíocht ealaíon a chur ar fáil agus le rannpháirtíocht na bpobal i bhFine Gall a spreagadh i ngach gné de na healaíona. D’fhonn rannpháirtíocht leathan sna healaíona a spreagadh, comhoibríonn an Oifig Ealaíon le scoileanna, le grúpaí pobail, le healaíontóirí, le heagraíochtaí neamhspleácha, le hinstiúidí náisiúnta oideachais agus cultúir, agus le comhlachtaí reachtúla gaolmhara chun clár leithleacha ardchaighdeáin a chur ar fáil. Déanann tionscadail rannpháirtíochta dianiarracht samhlacha nuálacha de rannpháirtíocht na hóige a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an clár Óige agus Oideachais acmhainní oideachais do scoileanna agus do dhaoine óga d’fhonn páirt a ghlacadh i bhfoghlaím fhéindírthe. ↴

Chruthaigh Oifig Ealaíon Fhine Gall caidrimh láidre oibre le scoileanna i bhFine Gall tríd an gclár um ealaíontóir cónaitheach a chur ar fáil. Tríd an gclár um ealaíontóir cónaitheach, is féidir cleachtas ealaíon comhaimseartha a thabhairt isteach sa seomra ranga go díreach. Féachann na tionscadail le curaclaim ealaíne reatha a chomhlánú agus a mhéadú agus le rochtain a thabhairt do dhaoine óga ar dheiseanna cultúrtha nach mbeadh acu ina n-éagmais. I 2007, thástáil an Oifig Ealaíon clár oiliúna do mhúinteoirí dar teideal Creative Exchange. Aimsíodh sa taighde gur chuir múinteoirí fáilte roimh fhorbairt ghairmiúil leanúnach laistigh den chlár um ealaíontóir cónaitheach. ↴

I 2011, choimisiúnaigh an Oifig Ealaíon tuarascáil dar teideal *Sounding Out Fingal*. Ba é an sainchúram a leagadh air ná measúnú a dhéanamh ar oideachas ceoil do dhaoine óga i bhFine Gall agus bealaí a shainaitheant ina bhféadann Comhairle Contae Fhine Gall leanúint ar aghaidh i gcomhar le páirtithe eile d’fhonn clár inbhuanaithe um oideachas ceoil a fhorbairt ar fud an chontae. Chabhraigh an comhairliúchán le scoileanna Fhine Gall le clár um oideachas ceoil a bhunú i roinnt bunscoileanna. Tá súil againn go

neartóimid an taighde a rinneadh agus tacaíocht sna scoileanna seo, agus go gcuirfimid ar chumas scoileanna eile cláir inbhuanaithe um oideachas ceoil a fhorbairt sa todhchaí. ↴

Agus aitheantas á thabhairt do Chlár Ealaíona na nÓg a réachtálann Draíocht é, agus a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Átha Cliath 15, rinne clár Óige agus Oideachais na hOifige Ealaíon iarracht freastal ar thuaisceart an chontae, agus breithniú á dhéanamh ar an raon geografach maidir leis na tionscadail a leithdháileadh. ↴

Tá an cumas ag an gclár Óige agus Oideachais cabhrú le háiseanna nua pobail a chomhtháthú laistigh de phobail áitiúla. Trí roinnt cur chuige atá nuálach um oideachas a chur ar dhaoine óga, is é is aidhm dúinn na deiseanna foghlama atá á dtabhairt ag meáin nua agus teicneolaíochtaí nua a iniúchadh. Déanfaimid taighde ar réimse na nEalaíon Luathbhlianta agus tacóimid leis, agus déanfaimid an úsáid a bhaintear as ionaid phobail nua Fhine Gall do dhaoine óga a chur chun cinn. ↴

DEONTAIS

Tá bronnadh deontas mar chroíthacaíocht i gcónaí ag cuid mhór de na grúpaí eagraithe againn agus ag ealaíontóirí aonair. Faightear maoiniú faoi Alt 6 den Acht Ealaíon, 2003. Ó bhí 2006 ann, tá €487,000 san iomlán bronnta mar dheontais. Tá na deontais seo ceaptha go sainiúil le haghaidh imeachtaí agus taibhithe a bhfuil tarraingt leathan acu ar fud an chontae agus a chuireann go dearfach le saol cultúrtha Fhine Gall. Sa tréimhse ó 2006 i leith, tá €261,000 bronnta faoin Acht Ealaíon, 2003, agus tá €226,000 eile bronnta ar fhéilte áitiúla bliantúla. Ceann de na torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhí againn ná go raibh spéis mhór ag a bhformhór siúd a raibh deontais faighte acu thar na blianta i mbunú Líonra Ealaíon Fhine Gall ar fud an chontae. ↴

MAOINIÚ

Aithníonn Comhairle Contae Fhine Gall go gcaithfidh go leor maoinithe a bheith ar fáil leis an bPlean Ealaíon a chur i bhfeidhm. Tá ceithre phost san Oifig Ealaíon faoi láthair, agus tá an oiread seirbhísí agus is féidir á chur fáil de réir an struchtúir reatha. Ó 2008 i leith, tá laghdú 31.5% tagtha ar bhuiséad ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall, de réir na dtairfead. Tá tionchar ag an laghdú seo ar chur i bhfeidhm na seirbhísí ealaíon. Táthar ag súil go mbeifear in ann an buiséad a choinneáil ag an leibhéal reatha chun a chinntiú go gcuirfear an plean seo i bhfeidhm go rathúil. ↴

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Faigheann an Oifig Ealaíon tacaíocht mhór ó na comhpháirtíochtaí atá bunaithe aici, agus atá á mbunú i gcónaí aici, agus cuirtear go mór léi tríothu. D'fhonn an oiread agus is féidir a bhaint as an bhfís atá leagtha amach sa phlean ealaíon seo, is gá don Chomhairle comhoibriú le scoileanna agus le heagrais ealaíon ag leibhéal áitiúil. Ar bhonn náisiúnta, bíonn tairbhe á bhaint againn go leanúnach as an gcomhoibriú againn le Comhairle Ealaíon na hÉireann, leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath (Bord Oideachais agus Oilíúna Chontae Bhaile Átha Cliath), leis an gCoimisiún Eorpach, leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus le coláistí agus le hinstiúidí náisiúnta tríú leibhéal. Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh chur chuige úr na comhpháirtíochta atá mar léiriú ar an maoiniú agus ar na háiseanna laghdaithe atá ar fáil anois. Trí fhorbairt leanúnach na gcomhpháirtíochtaí, beimid in ann seirbhís inbhuanaithe ealaíon a sheachadadh ar fud na tíre agus ár n-uailmhianta a fhíorú. ↴

IMEACHTAÍ

Leanann an Oifig Ealaíon uirthi ag eagrú taibhithe agus imeachtaí i bhFhine Gall ar bhonn bliantúil. Is féile bhliantúil idirnáisiúnta amharclannaíochta do pháistí í *Spréacha*. Is é Draíocht a eagraíonn an clár agus faightear maoiniú breise ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann. ↴

Ó bhí 2009 ann, tá sraith imeachtaí curtha i láthair ag an Oifig Ealaíon le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Náisiúnta na Líníochta. Le ceithre bliana anuas, tá Lá Náisiúnta na Líníochta eagraithe in Eastát Farmleigh, i gCaisleán Mhullach Íde agus i dTeach an Droichid Nua. Bhí deis ag an bpobal cuairt a thabhairt ar na heastáit agus dul ag taiscéaladh thart orthu agus, san am céanna, páirt a ghlacadh san iliomad ceardlann líníochta agus máistir-ranganna do dhaoine de gach aois. ↴

Bíonn tacaíocht le fáil d'imeachtaí ealaíon ó na leabharlanna óir bunaíonn siad agus cothaíonn siad grúpaí áitiúla scríbhneoirí. Cuirtear taispeántais ar siúl sna brainsí éagsúla freisin. Bíonn cuid de na himeachtaí seo á gcomheagrú ag an Oifig Ealaíon agus ag Rannóg na Leabharlann, agus is í an aidhm atá leo an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. Tá caidreamh maith ag an Oifig Ealaíon leis na leabharlanna ó bunaíodh an Chomhairle, agus tá cuid mhaith tionscnamh nua cultúrtha comhfhobartha acu, *Writing 3.0: Féile Bhliantúil Scríbhneoirí Fhine Gall* ina measc. Eagraíonn Leabharlanna Fhine Gall agus an Oifig Ealaíon clár *Writing 3.0* i gcomhar lena chéile. D'eascair an fhéile seo as *Finscéal: Bealach an Scríbhneora thart ar Fhine Gall* a bunaíodh in 2005. Is aitheantas é an t-aistriú go *Writing 3.0* ar na deiseanna nua atá ar fáil do scríbhneoirí gairmiúla agus amaitéaracha araon agus cuimsítear iad uile san fhéile: ó na meáin thraidisiúnta chlóite go dtí na hardáin shíorathraitheacha teicneolaíochta amhail na meáin shóisialta, blaganna, an tIdirlíon agus beochaintí, agus taibhiú in ionaid áitiúla agus ar an scáileán mór araon. Is é an dúshlán a bhaineann leis an imeacht seo maoiniú a choinneáil agus clár atá i gcónaí ábhartha a chur ar fáil. ↵

AN PRÓISEAS

COMHAIRLIÚCHÁN

Ba é an túsphointe i ndéanamh an phlean próiseas dian bailithe eolais ag an Oifig Ealaíon ó gach earnáil de phobal Fhine Gall chun ról na n-ealaíon i saol na n-áitritheoirí a scrúdú. Bhí sé den tábhacht riachtanais an phobail a aithint agus timpeallacht a chruthú ina dtig le tograí éagsúla cultúrtha bláthú. ↴

Aithníodh sé (6) earnáil ar leith sa phobal ealaíon, agus ullmhaíodh ceistneoirí ar leith lena n-aghaidh agus dáileadh orthu iad:

- An Pobal i gCoitinne
- Ealaíontóirí Gairmiúla
- An Óige
- Scoileanna
- Grúpaí Ealaíon
- Ealaín Phoiblí ↵



GNÍOMHARTHA

Tháinig torthaí éagsúla as an bpróiseas comhairliúcháin maidir le gach ceann de na grúpaí ar dhírigh an taighde orthu: ealaíontóirí gairmiúla, daoine óga, scoileanna, eagrais ealaíon agus an pobal i gcoitinne. Cé gur difriúil na riachtanais agus na tosaíochtaí ag gach grúpaí acu, tá téamaí coitianta le sonrú. ↴

Is léir ón bhfreagairt mhór a bhí ann go bhfuil na healaíona tábhachtach i saol na ndaoine. Tá fianaise ann gur mian go mór leis na freagróirí a bheith páirteach sna healaíona, bíodh siad mar chuid den lucht féachana, ina rannpháirtithe, ina n-ealaíontóirí gairmiúla nó ina mbaill de ghrúpaí ealaíon. Tá an mhian a bheith i dteagmháil leis an Oifig Ealaíon trí chomhfhreagras a fháil faoi chláir ealaíon, faoi mhaoiniú, agus faoina bheith páirteach i líonraí le sonrú go láidir. ↴

Is é ceann de na tosaíochtaí atá ag réimse grúpaí ná spás le haghaidh na n-ealaíon, e.g. ionaid ealaíon nó áiteanna taispeántais agus taibhithe. Bheadh cleachtóirí áirithe agus daoine den lucht féachana toilteanach íoc as freastal ar imeachtaí ealaíon, agus tá sé curtha in iúl ag scoileanna go bhfuil spás ar fáil acusan a bhféadfaí é a fhorbairt mar áit shainiúil do na healaíona. ↴

Ar na tosaíochtaí atá ann don todhchaí tá forbairt clár ealaíon do dhaoine óga agus féilte agus imeachtaí don phobal i gcoitinne. Tá fáil ar mhaoiniú agus ar dheontais tábhachtach freisin, mar is féidir le costas agus rochtain ar na healaíona a bheith mar chonstaic ar an rannpháirtíocht. ↴

Agus bun á chur faoi chur chuige Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le seachadadh seirbhís ealaíon, forbrófar na prionsabail a leanas agus na príomhréimsí beartais mar threoir don phlean seo:

- Tacaíochtaí do na hEalaíona
- Bonneagar agus Beartais
- Rannpháirtíocht, Rochtain agus Teagmháil
- Comhpháirtíochtaí ↴

TACAÍOCHTAÍ DO NA HEALAÍONA

Tá ról lárnach ag ealaíontóirí gairmiúla i mbunú timpeallachta beoga cultúrtha. Nuair a chruthaítear saothar cáilíochta, is féidir leis dea-thionchar a imirt ar an ngeilleagar áitiúil. ↴

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Ealaíon deiseanna a chothú agus a chur chun cinn d'ealaíontóirí de gach disciplín cónaí i bhFine Gall, obair ann agus a gcleachtadh ealaíonta a fhorbairt ann trí spásanna stiúideo d'ealaíontóirí gairmiúla a chur ar fáil. Le teacht leis sin, déanfaimid deiseanna a thairiscint d'ealaíontóirí gairmiúla a scileanna cruthaitheacha agus na scileanna a bhaineann lena gcleachtais ghairmiúla a fhorbairt trí chónaitheachtaí agus sparánachtaí taistil agus oiliúna mar thacaíocht dá bhforbairt amach anseo. ↴

Déanfaidh an Oifig Ealaíon iarracht deiseanna a chruthú le haghaidh idirphlé, díospóireachta agus malartaithe idir ealaíontóirí gairmiúla. Nuair is cuí, leanfaimid orainn ag cur deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla i bhFine Gall a bhfoirmeacha ealaíne a thabhairt chun cinn trí mhaoiniú faoi Alt 6 den Acht Ealaíon, 2003. Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn de bheith ag eagrú imeachtaí a chuirfidh ar a gcumas d'ealaíontóirí gairmiúla a saothar a chur ar taispeáint trí dheiseanna amhail *Amharc Fhine Gall*. Leanfaimid orainn de bheith ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí inbhuanaithe aitheanta agus cuartóimid dóigheanna nua chun tacú le pobal na n-ealaíon gairmiúil i bhFine Gall. ↴

Leanfaimid ar aghaidh de bheith ag cur seirbhís faisnéise ealaíon ar fáil don chontae ar fad trí www.fingalarts.ie ina mbeidh eolas ar nuacht reatha, deiseanna agus imeachtaí. Beidh sé inrochtaine ag an bpobal agus tacóidh sé le gníomhaíochtaí áitiúla ealaíon trí ríomhfheasachán ráithiúil chun rochtain ar imeachtaí ealaíon ar fud an chontae agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú. Fiosróimid deiseanna i gcomhpháirtíocht le heagrais phoiblí agus phríobháideacha chun gníomhaíochtaí ealaíon i bhFine Gall a phoibliú, agus leanfaimid orainn de bheith ag gníomhú ar bhonn comhairleach chun cuidiú leo siúd a bhfuil tionscadail ealaíon idir lámha acu. ↴

Mar iarracht chun gníomhaíochtaí áitiúla ealaíon a bhisiú agus chun tacú leo, cuirfimid tacaíocht phraiticiúil agus maoiniú ar fáil tríd an Acht Ealaíon, 2003. Ardóimid feasacht ar imeachtaí a bhíonn á maoiniú ag Comhairle Contae Fhine Gall trí níos mó brandála agus cumarsáid dhírthe. Tabharfaimid cúnaimh i dtaca le costais forbartha agus taighde ar an lucht féachana trí Líonra Ealaíon Fhine Gall a bhunú. Déanfar an méid sin i gcomhpháirtíocht le heagrais áitiúla ealaíon. Soláthróidh Líonra Ealaíon Fhine Gall creat freisin chun rannpháirtíocht ghníomhach grúpaí agus daoine aonair in imeachtaí ealaíon a bhfuil baint ag páirtnéirí gnó leo a chur chun cinn. ↴

BONNEAGAR AGUS BEARTAIS

Déanfaidh iarracht le linn an phlean réimse spásanna fisiceacha a chruthú i bhFine Gall ina dtig le healaíontóirí cónaí, obair agus a gcleachtais ealaíonta a fhorbairt. Sa ghearrthearma, nuair nach mbeidh na stiúideonna ealaíontóra ar fáil go fóill, soláthróimid maoiniú síl do ghrúpa ealaíontóirí teacht le chéile mar chomharghrúpa chun stiúideonna a thionscnamh iad féin. ↴

Cuireann ionaid phobail spás agus saoráidí ar fáil inar féidir le pobail a bheith rannpháirteach sna healaíona ina gceantar féin. Oibreoidh le lucht pleanála, le ranna pobail agus tithíochta, agus le ranna ábhartha eile de chuid na Comhairle chun a chinntiú go mbíonn cur chuige tomhaiste, straitéiseach i bhfeidhm le háiseanna agus saoráidí a chur ar fáil ar fud na tíre. Cuirfimid deiseanna chun cinn le haghaidh cuimsiú clár ealaíon sa dóigh gur féidir leis na healaíona fás go leanúnach ar bhonn áitiúil de réir cur chuige chomhtháite. ↴

Leanfaidh Fine Gall ar aghaidh de bheith ag tacú le forbairt bonneagar bisiúil ealaíon agus forbrófar beartais inbhuanaithe ealaíon trí thiomantas do bheartas a fhorbairt i leith Ealaíona Luathóige agus trí athbhreithniú agus uasghrádú a dhéanamh ar an mBeartas Ealaíon Óige reatha. ↴

Cothóimid lucht féachana óige agus cuirfimid ar a gcumas iad úinéireacht a ghlacadh ar na healaíona, cur leo agus a bheith rannpháirteach iontu. Déanfaimid staidéar féidearthachta i dtaca le spás sainiúil do dhaoine óga chun gur féidir leo a bheith rannpháirteach i gcleachtais ealaíon agus a bheith i dteagmháil leo ar dhóigh fhiúntach. ↴

Bunóimid babhta nua coimisiúnaithe tríd an scéim Céatadán ar son na hEalaíne, de réir na dtreoirilínte náisiúnta, agus leanfaimid orainn de bheith ag cur an Bheartais Ealaíne Poiblí i bhfeidhm. Déanfaimid monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú na mbeartas uile agus, nuair is cuí, déanfaimid taighde chun eolas a thabhairt dá fhorbairt. Fiosróimid freisin múnlaí nua le haghaidh ionaid ilfheidhme i bhFine Gall a fhreastalóidh go leordhóthanach ar ghníomhaíochtaí ealaíon agus ar riachtanais chultúrtha. ↴

Trí athbhreithniú agus taighde leanúnach, déanfaimid measúnú ar riachtanais ealaíontóirí, grúpaí agus eagra amaitéarach chun go mbeidh an plean seo i gcónaí ábhartha, fiúntach. Déanfaimid measúnú freisin ar riachtanais fhoireann Ealaíon Fhine Gall i dtaca le forbairt ghairmiúil leanúnach. ↴

Trínár n-ionaid ealaíon, cuirfimid rochtain agus rannpháirtíocht chun cinn go gníomhach. Tríd an maoiniú díreach leanúnach againn ar Draíocht agus ar Ionad Cultúrtha Séamus Ennis, bainfimid an oiread tairbhe agus is féidir as na deiseanna a bhaineann le bonneagar an dá ionad agus cinnteoidimid, san am céanna, gur ionaid feabhais iad araon, ó thaobh rialachais de, agus go gcuireann siad eispéireas cáilíochta ar fáil i gcónaí don lucht féachana agus do rannpháirtithe. ↴

RANPHÁIRTÍOCHT, ROCHTAIN AGUS TEAGMHÁIL

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall freastal ar an tír uile, is sna háiteanna sin ina bhfuil an daonra is mó a bheidh príomhionaid i dtaca le cláir ghníomhaíochtaí ealaíon. Eagróidh Oifig Ealaíon Fhine Gall an clár ealaíon i gcomhar le ranna eile sa chomhairle. Forbróidh an Oifig Ealaíon sineirgí níos mó sna cláir i gcomhar leis na seirbhísí ailtireachta, pobail, páirceanna agus leabharlann agus le grúpa comhairleach sábháilteachta na comhairle go háirithe. Tacófar le gníomhaíochtaí eile ealaíon i ngach cineál ealaíne trí dheontais ealaíon, cónaitheachtaí d'ealaíontóirí agus coimisiúin d'ealaín poiblí. Déanfaimid iarracht deiseanna a chur ar fáil d'áitritheoirí Fhine Gall idirghníomhú agus teagmháil a bheith acu le scoth na gcleachtas nua-aimseartha agus traidisiúnta ealaíon ina bpobal áitiúil. ↴

Agus sinn ag obair le scoileanna Fhine Gall, fiosróimid cleachtais chreidiúnacha ealaíon san oideachas. Leanfaimid orainn de bheith ag eagrú tionscadal nuálach a chuireann chun cinn comhoibriú idir ealaíontóirí agus scoileanna. Déanfaimid measúnacht ar riachtanais scoileanna agus ar an spéis atá i gcláir inbhuanaithe a fhorbairt, bainistithe ag croífoireann na scoileanna agus ag na daltaí le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Fhine Gall. Tabharfaimid cúnaimh do scoileanna an oiread leasa agus is féidir a bhaint as na háiseanna atá acu cheana féin, cláir inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus deiseanna comhoibrithe le gníomhaireachtaí ábhartha rialtais, le healaíontóirí agus le hinstitiúidí a aimsiú. Leanfaimid orainn de bheith ag cuidiú le scoileanna a gcuraclam reatha ealaíne a fheabhsú trí thacaíocht agus comhairle, trí thionscnaimh a sholáthar do mhúinteoirí, agus trí Scéalta Ealaíontóirí (gearrscannáin) a léiriú a bhfuil baint acu leis an gcuraclam. ↴

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Daingneoidimid na comhpháirtíochtaí atá againn cheana féin agus forbróimid cinn úra ó thaobh gníomhaíochtaí ealaíon a sholáthar sa chontae. Tógfaimid comhpháirtíochtaí inbhuanaithe le páirtneírí straitéiseacha, rud a uasmhéadóidh na deiseanna maoinithe i ngach réimse d'fhorbairt na n-ealaíon i bhFine Gall. ↴

Leanfaimid orainn de bheith ag forbairt clár bisiúil ealaíon, a mheallfaidh an pobal agus a chothóidh comhpháirtíochtaí oibre, mar aon le cur chuige comhtháite i leith fheidhmiú an Phlean Ealaíon i gcomhar leis an bPlean Forbartha agus Oidhreachta Contae. Oibreoidimid i gcomhpháirtíocht le tionscnóirí tráchtála agus eile le gach deis a fhiosrú chun úsáid a bhaint as suíomhanna stairiúla an chontae le haghaidh imeachtaí cultúrtha. Aimseoidimid dóigheanna chun a bheith ag comhléiriú agus ag comhoibriú ar mhaithe le forbairt fhadtéarmach bonneagair mhéadaithe agus chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt le dreamanna eile le hionaid inbhuanaithe neamhspleácha a fhorbairt. ↵

MEASÚNÚ

MONATÓIREACHT, MEASÚNÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tá sé riachtanach monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013–17 ar bhonn rialta. Go hidéalach, ba chóir go mbeifí in ann ceistiú dearfach a dhéanamh faoi agus é a leasú chun a chinntiú go mbíonn sé i gcónaí de réir luachanna Chomhairle Contae Fhine Gall. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an bplean mianta mhuintir Fhine Gall a chomhlíonadh, bíodh spéis mhór nó bheag acu sna healaíona nó bíodh siad rannpháirteach go mór iontú nó gan iad a bheith páirteach iontu ach sa bheag. Tá solúbthacht sa phlean ar mhaithe le freagairt do dhálaí athraitheacha, do thionscnaimh nua agus d'aiseolas leanúnach ó pháirtithe leasmhara a bhíonn rannpháirteach sna healaíona. Beidh na sonraí maidir le feidhmiú na bpríomhphrionsabal atá sa phlean le fáil i bPlean Bliantúil Oibríochta na Rannóige Pobail, Cultúir agus Spóirt. ↗

Déanfar Plean Ealaíon Fhine Gall a mheasúnú ar na slíte a leanas:

- Cuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choiste Beartas Straitéiseach leath bealaigh trí théarma an phlean d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé go fóill ábhartha. Molfar leasuithe agus ábhar breise freisin ba chóir a chur leis an bplean reatha.
- Leanfaidh an Oifig Ealaíon uirthi de bheith ag forbairt nasc láidir le daoine aonair agus le heagrais ealaíon i bhFine Gall, agus lorgófar a n-ionchur maidir le feidhmiú an phlean.
- Beidh plean oibre na hOifige Ealaíon bunaithe ar mholtaí i dtaca leis an bplean.
- Cuirfear prionsabail 'luach ar airgead' i bhfeidhm i dtaca le feidhmiú an phlean.

FEIDHMIÚ

Aithníonn an Oifig Ealaíon go bhfuil na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean seo ag brath ar mhaoiniú agus ar na háiseanna a bheidh ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an bplean ar bhonn leanúnach agus beidh sé solúbtha go leor chun gur féidir é a leasú de réir mar a rialóidh na dálaí. Tá an chuntasacht agus an trédhearcacht mar ghnéithe bunúsacha de sholáthar seirbhísí údarás áitiúil. Cuirfidh an Oifig Ealaíon na príomhphrionsabail sa phlean seo i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana. Cuirfear i bhfeidhm iad trí phleananna bliantúla oibríochtúla, agus déanfaimid monatóireacht agus measúnú ar gach clár ar bhonn leanúnach. ✕

BUÍOCHAS

Ba mhaith leis an Oifig Ealaíon buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuidigh leis na próisis bainistithe, éascaithe agus comhairliúcháin a bhí mar bhunús le foilsiú Phlean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall. ↴

Ba mhaith leis an Oifig Ealaíon buíochas a ghabháil go háirithe le:

Baill an Ghrúpa Oibre

Fionnuala May, *Ailtire an Chontae*
Gerry Clabby, *an tOifigeach Oidhreacht*

Janet Ivers, *Oifigeach Sinsearach Pobail*
Íde de Bairtiséil, *Oifigeach Sinsearach Feidhmeannach*

Rachel Kenny, *Pleanálaí Sinsearach*
Shay Barker, *Oifigeach Sinsearach Feidhmeannach*

Yvonne O'Brien, *Leabharlannaí Sinsearach Feidhmeannach*
Shane Power, *Stiúrthóir Gníomhach Ionad Cultúrtha Séamus Ennis*

Emer McGowan, *Stiúrthóir Draíocht*
Rory O'Byrne, *Oifigeach Ealaíon an Chontae*

Sarah O'Neill, *Leas-Oifigeach Ealaíon an Chontae*

Paul Barnes, *an Bainisteoir Imeachtaí*



Baill an Choiste Beartas Straitéiseach

An Comhairleoir Anne Devitt
An Comhairleoir Cian O'Callaghan
An Comhairleoir Darragh Butler
An Comhairleoir David O'Connor
An Comhairleoir Mary McCamley
An Comhairleoir Matthew Waine
An Comhairleoir Peggy Hamill
An Comhairleoir Peter Coyle
Aidan McGrath, *Comhairle na nÓg Fhine Gall*

Brendan Sherlock, *Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall*

Myles Caulfield, *Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall*

Paul Holden, *Feasta*

Pádraig McMahon, *Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann*

Clodagh O'Donovan, *Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall*

Gráinne Maguire, *Comhairle Baile Bhaile Brigín*



Méara agus Baill Thofa:

Comhairle Contae Fhine Gall
Bord Forbartha Fhine Gall



David O'Connor, *an Bainisteoir Contae*
David Smith
Oran Day

Ar deireadh, is mian leis an Oifig Ealaíon buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí agus lenár gcomhghleacaithe sa Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt.

Próiseas Comhairliúcháin, Plean Ealaíon 2013–17

Chuathas i mbun comhairliúcháin le rannpháirtithe, éascaitheoirí, boird, grúpaí stiúrtha agus daoine lárnacha i gcomhthéacs na dtionscadal píolótach atá ar siúl faoin gclár seo. Bhí próiseas fairsing comhairliúcháin poiblí ann a mhair naoi seachtaine, ó Mheán Fómhair go Samhain 2012. Bhí na comhairliúcháin seo mar bhunús le measúnacht agus athbhreithniú, agus glacadh san áireamh iad agus Dréachtphlean Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall 2013–17 á ullmhú.



Comhairliúchán Earnála

Cuireadh cóip den dréachtphlean faoi bhráid Bhaill Thofa na Comhairle agus na Comhairle Beartas Straitéiseach agus rinneadh cur i láthair dóibh faoin gClár Forbartha Ealaíon.



Comhairliúchán Poiblí

Cuireadh cóip den dréachtphlean ar fáil don phobal lena iniúchadh idir 20 Bealtaine agus 17 Meitheamh sna háiteanna a leanas:

Halla an Chontae, Sord
Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir
Ionad Ealaíon Draíocht, Baile Bhlainséir
Leabharlanna Brainse
www.fingalarts.ie
www.fingal.ie

Comhairliúchán leis an Earnáil Ealaíon

Cuireadh cuireadh roimh na grúpaí ealaíon agus roimh na daoine aonair a leanas a dtuairimí ar fhorbairt na n-ealaíon i bhFhine Gall sa toadhchár a chur in iúl trí aighneachtaí scríofa:

Scor Gníomhach Éireann
Aoisghníomhaíocht Éireann
Age and Opportunity
ALONE
Scannáin Anti-Strophe
Gailearaí Apollo
Ionad Pobail Choill na nUll
Cumann Ailtireachta na hÉireann
Stiúdeonna Archway
Banna Ceolchoirme Scoil Cheoil Bhaile Átha Fhirdhia
Ionad Pobail Ard Giolláin
Scribhneoirí Cruthaitheacha Ard Giolláin
An Ark
Banna Ard Aidhin
Scoil Cheoil Ard Aidhin
Compántas Amharclannaíochta Asls, Baile Brigín
Comhairle Ealaíon na hÉireann



Ionad Pobail Chlubanna Bhaile Brigín Teo
Pobalscoil Bhaile Brigín
Cumann Staire Bhaile Brigín agus an Cheantar Máguaird
Cumann Drámaíochta Bhaile Brigín
Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Bhaile Brigín
Seanóirí Bhaile Brigín
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
Scor Gníomhach Bhaile Dúill
Halla Pobail Bhaile Dúill
Seirbhísí Áiseanna Teaghlaigh Bhaile Dúill Teo
Fóram Bhaile Dúill Teo
Cumann Ceolsiamsa agus Drámaíochta Bhaile Dúill
Ionad Ealaíon Ballina
Ionad Pobail Bhaile Bachaille
Scoil Náisiúnta Bhaile Bachaille
Seanóirí Bhaile Bachaille
Ionad Áiseanna Pobail Bhaile an Ridire Amhránaithe Oidhreacht Bhaile an Ridire
Coiste Phinsinéirí Seanaoise Bhaile an Ridire
Ionad Pobail Bhaile Scadán agus an Cheantar Máguaird
Scoil Náisiúnta Bhaile Scadán
Seanóirí Bhaile Scadán
B.A.S.E., Sord
Grúpa Scribhneoirí Chois Bá
Comhaltas Beaumont
Ionad Pobail Pháirc na Feá, Caisleán Cnucha
Stiúideo Clódóireachta Black Church
Banna Píob an Fhéich Dhuibh

Scoil Drumadóireachta Bhanna Píob an Fhéich Dhuibh	Gailearaí Daffodil Stúirthóir	GoGoshKa Kinkladze Gailearaí Green
Ionad Pobail agus Áiseanna Bhaile an Bhlácaigh	Léirithe Ceoil Distortion	Gailearaí Green on Red ↴
Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh	Ionad Pobail agus Áineasa Bhaile an Diosualaigh	Ionad Pobail Bhaile an Hartaigh, Ciarán Naofa
Clár Deiseanna Oideachais Bhaile an Bhlácaigh-Radharc an Chnocáin	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	Pobalscoil Bhaile an Hartaigh
Cumann Scoir Ghníomhaigh Bhaile Bhlainséir	Coláiste Pobail Dhomhnach Bat Comhpháirtíocht Mhuinntir Óga	Ionad Gníomhaíochtaí Lae Bhaile an Hartaigh
Seirbhís Aosoideachais Bhaile Bhlainséir	Dhomhnach Bat	Scoil Náisiúnta Bhaile Hoiste Helium
Cór Soiscéalach Pobail Bhaile Bhlainséir	Ionad Pobail Dhomhnach Bat/Phort Reachrann Teo	Bóthar na Trá Shleas an Chnoic
Scoil agus Siopa Ceoil Bhaile Bhlainséir	Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Dhomhnach Bat/Phort Reachrann	Galfchumann Bhaile an Alabhóidigh
Ionad Ógteagmhála Bhaile Bhlainséir	Seanóirí Dhomhnach Bat/Phort Reachrann	Scoil Inis Pádraig
Foróige Bhaile Bhlainséir/Caife Óige an Zóin	Féile Samhraidh Dhomhnach Bat/Phort Reachrann	Scoil Náisiúnta Sóisear an Teaghlaiha Naofa
Amharclann Óige Bhaile Bhlainséir An Stiúideo Gorm	Gailearaí Dhúghlas de hÍde	Scoil Náisiúnta Sinsear an Teaghlaiha Naofa
Scoil Cheoil na Bóinne	Draíocht	Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile an Tobair Naofa
Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile na Raithní	Drama Fever, Sord	Cumann Scoir Ghníomhaigh Bhinn Éadair
Scoil Cheoil Bhaile Breacáin	Banna Práis Scoil Cheoil Dhroichead Átha	Grúpa Drámaíochta Pobail Bhinn Éadair
Stiúideoonna na Cloiche Leithne	Féile Ealaíon Pobail Bhaile Átha Cliath 15	Grúpa Tacaíochta Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Bhinn Éadair
Scannáin Brown Bag	Cumann Scoir Ghníomhaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath	Féile Leithinis Bhinn Éadair
Stiúideoonna Mhuileann Brunswick	Gailearaí Hugh Lane Chathair Bhaile Átha Cliath	Cumann Grianghrafadóireachta Bhinn Éadair
Scoil Náisiúnta an Choinicéir	Duo Chagall	Seanóirí Bhinn Éadair
Gailearaí Butler	↴	Ionad Pobail Bhaile an Huntaigh
Teach Bhaile an Bhosardaigh, Campas Pobail Teo	Scannáin El Zorrero	Gailearaí Hyland
↴	Cór Enchiriadis Treis	↴
Clár Cúraim agus Deisiúcháin	Essence	An Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Ascaill na Cille
Cumann na gCúramóirí	Scor Gníomhach Evergreens	↴
Cartoon Saloon	↴	Músaem Ealaíne Nua-Aimseartha na hÉireann
Ionad Pobail Theach Chainnigh Teo	Farmleigh	Stiúideoonna Ealaíontóirí
Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Theach Chainnigh	Cónaidhm Scoir Ghníomhaigh	Neamhspleácha
Cumann Scoir Ghníomhaigh	Seirbhís Oideachas Aosach Fhine Gall	An tIonad Faisnéise d'Inimircéoirí, na Sceirí
Chaisleán Cnucha	Seirbhís Litearthacht Aosach Fhine Gall	Amhránaíocht agus Damhsa Inis Rua
Coláiste Chaisleán Cnucha	Cór Aireagail Fhine Gall	Bantracht na Tuaithe (Coiste na nEalaíon)
Ionad Pobail Chaisleán Cnucha	Coláiste Pobail Fhine Gall	Parlaimint na Seanóirí in Éirinn
Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha	Grúpa Grianghrafadóireachta	↴
Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Chaisleán Cnucha	Chomhairle Contae Fhine Gall	Mínealain Jorgensen Teo
Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha	Ceolfhoireann Óige Contae Fhine Gall	↴
Scoil Cheoil Chaisleán Cnucha	Cúram Baile Fhine Gall	Gailearaí Kerlin
Grúpa Ealaíona Amharclannaíochta Shisile	Seirbhísí Cúram Baile Fhine Gall Teo	Gailearaí Kevin Kavanagh
Ceolscoil na Mí	Grúpa Grianghrafadóireachta	Scoil Náisiúnta Chill Bhríde
Ceoltóirí Chluain Tarbh	Idirnáisiúnta Fhine Gall	Scoil Náisiúnta Chill Choscáin
Ionad Teagaisc Ceoil Chluain Aodha	Grúpa Grianghrafadóireachta Fhine Gall	Scoil Náisiúnta Chionn Sáile
Golden Oldies Chluain Saileach	Líonra Seanóirí Fhine Gall	↴
Halla Chluain Saileach	Cumann Fál Sceach Fhine Gall/Bhaile Bachaille	Scoil Náisiúnta Thobar Mhuire
Scoil Cheoil Chluain Tarbh	Scoth Fhine Gall, Sord	Amhránaíthe Reachrann, Domhnach Bat
Coláiste Choilm	Stiúideoonna Ealaíontóirí na Stáisiún Dóiteáin	Cumann Laitviach na Laitviach in Éirinn
Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Cionn Sáile	Foróige, an tEagras Náisiúnta	Scoil Ealaíne agus Deartha Luimní
Stiúideoonna Common Place	Forbartha Óige	An Lóiste (Cluain Saileach)
Clubtheach na Ríomhairí	Saoráid Phobail Fortlawn	Coláiste Loreto
Ciorcal Drámaíochta Chúil Mhín	Seirbhís Cuairteanna Cairdiúla	Ionad Pobail Loch Sionnaigh
Cumann Ceolsiamsa Chúil Mhín	Cairde Daoine Aosta	Cumann Staire Loch Sionnaigh agus an Rois
Coimpléacs Spóirt agus Fóillíochta Chúil Mhín	Compántas Amharclannaíochta Full Circle	Grúpa Scoir Ghníomhaigh Lusca
Comhoibriú Fhine Gall (Thuaidh) Teo	↴	Comhairle Phobail Lusca
Ciorcal Drámaíochta na Coirre Duibhe	Gaelscoil Bhaile Brigín	Halla Pobail Lusca
Campas Pobail na Coirre Duibhe Teo	Gaelscoil Bhrian Bóroimhe	Scoil Náisiúnta Lusca
Ionad Áiseanna Pobail na Coirre Duibhe Teo	Gaelscoil an Duinnínigh	Grúpa Grianghrafadóireachta Lusca
Evergreens na Coirre Duibhe	Gailearaí Gallagher	Seanóirí Lusca
Scoil Náisiúnta na Coirre Duibhe	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo	Pobalscoil Bhaile Lotrail
Ionad Spóirt na Coirre Duibhe	Ionad Pobail Bhaile Gháire	↴
Grúpa Éagsúlachta na Coirre Duibhe	Comhairle Phobail Bhaile Gháire	Grúpa Ealaíon an Chairpéad Draíochta, na Sceirí
Scoil Speisialta Halla na Cúirte	Cumann Staire Bhaile Gháire	Club Ceamaradóireachta Mhullach Íde
Craobh Seán Treacy CCÉ	Seanóirí/Club Máirte Bhaile Gháire	
↴	Cumann Scoir Ghníomhaigh Ghlas	
	Naíon Thuaidh	
	Cór Glee	
	Go for Life	

Pobalscoil Mhullach Íde	Fiobail	Xavier
Banna Píob Mhullach Íde agus an Cheantar Máguaird	Grúpa Scríbhneoirí an Fhionnuisce	Scoil Náisiúnta Sinsear San Proinsias
Club Leon Mhullach Íde	Ionad Áiseanna Choill na Giúise, Baile Bhrigín	Xavier
Cumann Ceolsiamsa agus Drámaíochta Mhullach Íde	Léirithe Platform, Caisleán Cnucha	Scoil Náisiúnta Naomh Seoirse
Scoil Cheoil Mhullach Íde	Pobalscoil Neasáin	Scoil Náisiúnta Sóisear Naomh Heilin
Seanóirí Mhullach Íde	Scoil Náisiúnta an Phápa Eoin Pól II	Scoil Náisiúnta Sinsear Naomh Heilin
Seanóirí Man-o-War	Cumann Cultúrtha Bhaile an	Seirbhís Míchumas Intleachta San
Stiúideo Ceoil Marino	Phóirtéaraigh agus Chluain Saileach	Iósaf, Port Reachrann
Stiúideoonna an Mhargaidh	Pobalscoil Phort Mearnóg	Meánscoil San Iósaf, an Rois
Scoil Náisiúnta Mhuire, Máthair an Dóchais	Gild Bhantracht na Tuaithe, Port Mearnóg	Banna Píob Labhráis Naofa (Oirthear na hÉireann)
Scoil Náisiúnta Mhuire, Banríon na hÉireann	Cumann Ceolsiamsa agus	Scor Gníomhach Mháiréad Naofa
Meánscoil Mater Christi	Drámaíochta Phort Mearnóg	Scoil Náisiúnta Mháiréad Naofa
Scoil Náisiúnta Sóisear Mhuire agus Iósaf	Amhránaithe Phort Mearnóg	Ospidéal agus Scoil Chónaitheach
Scoil Náisiúnta Sinsear Mhuire agus Iósaf	Ionad Ealaíon Project	Naomh Muire, Baile Dúill (Teach Naomh Mícheál)
Ionad Pobail Chill Fhionntáin	Scoil Cheoil Pure Tone	Scoil Náisiúnta Naomh Muire
Gailearaí Molesworth	↳	Grúpa Drámaíochta Scoil Náisiúnta
Gailearaí agus Stiúideoonna Monster Truck	Tionscadal RAP, Baile Bhrigín	Naomh Muire, Baile Gháire
Scoil Taibhealaíon Moore	Léirithe Red Lightning (David Gilna)	Meánscoil Naomh Muire
Cnoc Sackville	Na Stáblaí Dearga	Grúpa Ceolsiamsa Óige Scoil Naomh Muire, Baile Dúill
Ionad Áiseanna Teaghlaigh Radharc an Chnocáin	Cumann Sóisialta Remember Us	Banna Píob Naomh Maur
Campas Pobail Fortlawn Radharc an Chnocáin Teo	Coiste na nOibríthe ar Scor, ICTU	Scoil Náisiúnta Speisialta Theach
Seanóirí Radharc an Chnocáin	Stiúideoonna Bhóthar Richmond	Naomh Mícheál, Baile Dúill
Ionad Óige agus Pobail Radharc an Chnocáin	Rinceoil Fhine Gall, an Ros (Scoil Samhraidh Chris Langan)	Scoil Speisialta Naomh Mícheál
Ionad Pobail Radharc Bheanna Boirche, na Sceirí	Ionad Pobail Ghleann na hAbhann (Finian Naofa)	Scoil Náisiúnta Naomh Mochta
Ionad Pobail Mhullach Eadrad Teo	Scor Gníomhach Ghleann na hAbhann/Ráth Aingil	Coimpléacs Spóirt agus Sóisialta Naomh Mochta
Ionad Áiseanna Teaghlaigh Mhullach Eadrad	Saoráid Phobail Mhóinéar na hAbhann	Scoil Náisiúnta Sinsear Naomh Mologa
Scoil Náisiúnta Mhullach Eadrad	Coláiste Pobail Ghleantán na hAbhann	Scoil Náisiúnta Oilibhéar Pluicéad Naofa
Cumann Os Cionn 55 Mhullach Eadrad	Cumann Scannán Rockabill, na Sceirí	Scoil Náisiúnta Sóisear Naomh Pádraig
Seanóirí Mhullach Eadrad	Rockschool	Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig na mBuachaillí
↳	Roganscraft	Coiste Bainistíochta Halla Naomh Pádraig, Baile Bachaille
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha	Cumann Halla Pobail Bhaile an Rólaigh	Scoil Náisiúnta Sinsear Naomh Pádraig
Cónaidhm Náisiúnta na bPinsinéirí	Scoil Náisiúnta Bhaile an Rólaigh	Líonra Seanóirí Naomh Peregrinus
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA)	Scoil Náisiúnta Pheadair agus Phóil Naofa
An Mhonarcha Náisiúnta Dealbhóireachta	Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann	Scoil Náisiúnta Sóisear Philib Aspaill
Comhairle Náisiúnta na nÓg	Gailearaí Rubicon	Scoil Náisiúnta Sinsear Philib Aspaill
Ionad/Halla Pobail na hAille	Grúpa Ceamaradóireachta an Rois	Scoil Naonán Shailbheastair Naofa
Scoil Náisiúnta na hAille	Ionad Pobail an Rois	Scoil Náisiúnta Naomh Treasa
Seanóirí na hAille	Cumann Drámaíochta an Rois (féach Amharclann Bhruch an Mhuilinn freisin)	Grúpa Staire Bhantracht Tuaithe Sheantraibh
Cumann Ceolsiamsa agus Drámaíochta Bhóthar na hUaimhe	Cumann Ceolsiamsa an Rois	An Clár Críochnaithe Scoile
Léirithe Next Stage	Scoil Náisiúnta an Rois	Scoil na Grianghráfadóireachta
Niall G. Weldon	Seanóirí an Rois	Scoil Bhríde na mBuachaillí
Clár Críochnaithe Scoile Fhine Gall Thuaidh	Ionad Ógteagmhála an Rois	Scoil Bhríde na gCailíní
↳	Scoil Náisiúnta an Rois/Lusca	Scoil Choilm
Ionad Oideachais Buachaillí Bhaile an Oibricigh	↳	Pobalscoil Náisiúnta Chormaic
Ionad Cailíní Bhaile an Oibricigh	Scoil Náisiúnta an Chroí Rónaofa	Scoil Ghráinne
Grúpa Cultúir Uí Dhuibhir, Baile Bhrigín	Scoil Náisiúnta San Aindriú	Scoil Sóisear Mhuire
Gailearaí Osáin	Cumann Iarnóna Naomh Áine	Scoil Sinsear Mhuire
Scoil Náisiúnta na Seanbhuirge, Sord	Ionad Pobail San Beinidict, Ongar	Scoil Móibhí
Older and Bolder	Scoil Náisiúnta San Beinidict	Scoil Náisiúnta Réalt na Mara
Líonra na mBan Níos Sine	Grúpa Grianghráfadóireachta San Beinidict	Scoil Naomh Mearnóg
Halla Pobail an tSeanbhaile	Scoil Náisiúnta Bhreandáin Naofa	Scoil Naomh Mhuire
Oifig na nOibreacha Poiblí	Ionad Pobail Bhríde	Scoil Naomh Mochta, Cluain Saileach
Gailearaí Oriel	Scoil Náisiúnta Bhríde	Scoil Oilibhéir
Gailearaí Original Print	Grúpa Grianghráfadóireachta Bhríde	Scoil Phobail Chúil Mhín
↳	Divas Damhsa Chaitríona Naofa	Scoil Rince Cualann, Baile Brigín
Stiúideoonna Pallas	Scoil Náisiúnta Chaitríona Naofa	Scoil Rince Ní Anglais, Baile an Hartaigh
Teach Bhaile an Phaslóigh	Scoil Náisiúnta Chiaráin Naofa	Scoil Thomáis
Halla Ealaíne na nDaoine agus Stiúideo John Woodfull	Scoil Náisiúnta Cholm Cille na mBuachaillí	Scott Tallon Walker, Ailtirí
Gailearaí Peppercanister	Scoil Náisiúnta Cholm Cille na gCailíní	Ionad Séamus Ennis
Saoráid Chomhroinnta Phobail Bhaile	Scoil Náisiúnta Sóisear Chrónáin Naofa	Coláiste Pobail Setanta
	Scoil Náisiúnta Sinsear Chrónáin Naofa	Shay Lally
	Ardscoil Naomh Doimnic/Santa Sabina	Sheepmoorians 35
	Coláiste Pobail Finian Naofa	Ionad Ealaíon Signal
	Ardscoil Finian Naofa	Cumann 65 na Sceirí
	Scoil Náisiúnta Finian Naofa	Scor Gníomhach na Sceirí
	Scoil Náisiúnta Sóisear San Proinsias	Coiste Féile Chumann Pobail na Sceirí (Soundwaves)

Ionad Pobail na Sceirí
 Coláiste Pobail na Sceirí
 Ionad Chúram Lae na Sceirí
 (Sciath-Thithíocht)
 Grúpa Pátríoch na Sceirí
 Grúpa Grianghrafadóireachta na
 Sceirí
 Grúpa Amharclannaíochta na Sceirí
 Coiste Bailte Slachtmhara na Sceirí
 Cumann Nasctha Bailte na Sceirí
 Deireadh Seachtaine Ceoil
 Thraidisiúnta na Sceirí
 Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
 Cumann Lucht Seinnte na
 bhFlúiteanna Sasanacha (Éire)
 Gailearaí Solomon
 Songschool
 Scoil Amharclannaíochta Stagezone
 Stiúideonna Stoneybatter
 Club Ceamaradóireachta Chill
 Fhionntáin
 Scoil Pháirc Chill Fhionntáin
 Eaglais Bhaisteach Shoirid
 Ionad Lae Seanóirí Shoirid
 Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile
 Shoirid
 Comhlacht Teo Chumann Staire
 Shoirid
 Grúpa Comhrá Gaeilge Shoirid
 Ionad Ceoil Shoirid
 Grúpa Grianghrafadóireachta Shoirid
 Scoil Cheoil Shoirid
 Seanóirí Shoirid
 Caife Óige Shoirid
 Ionad Ógteagmhála Shoirid



Léirithe Takenote, Binn Éadair
 Gailearaithe Taylor Teo
 Gailearaí agus Stiúideo Bharra an
 Teampaill
 Córail an Tríú Lae, Cill Fhionntáin
 Thisisnotashop
 Scoil Cheoil Theach Tocata
 Scoil Theach na Tríonóide
 Tumbleweed
 Compántas Amharclannaíochta
 Turning Worm
 Ionad Pobail Bhaile an Tirialaigh
 Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile
 Bhaile an Tirialaigh



U3A Age
 Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath,
 Belfield
 Ollscoil na Tríú hAoise
 Ollscoil Uladh
 Acadamh an Chiorcal Uachtair, na
 Sceirí



Tionscadal Vista
 Fisealaíontóirí Éireann
 An tIonad Fisealaíne



Scoil Náisiúnta Speisialta Bhaile an
 Bhairnigh



Grúpa Seanóirí Young at Heart



26 De Havilland Studios
 4M Media



Chomh maith leis an liosta thuas,
 chuathas i mbun comhairliúcháin leis
 na daoine a leanas trí bhunachar
 sonraí Fhine Gall agus trí
 chomhairliúchán poiblí:

Dhá chéad seachtó a ceathair (274)
 ealaíontóir gairmiúil; agus naoi gcéad
 ochtó a sé (986) duine den phobal i
 gcoitinne a d'fhreastail ar imeachtaí
 Ealaíona Fhine Gall. Ar deireadh,
 fuarthas naoi gcéad ochtó a seacht
 (987) freagairt ón gcomhairliúchán
 poiblí sa tréimhse naoi seachtaine
 Meán Fómhair – Samhain 2012.